Foirm Dhearbhaithe um Dhíolúine Scoláireachta

Féach ar na nótaí lastall roimh an bhFoirm seo a chomhlánú

1. Sonraí Pearsanta

Ainm an Mhic Léinn

Seoladh (Eircode san áireamh)

UPSP

2. Sonraí faoin gCúrsa

Ainm & seoladh (Eircode san áireamh) an Choláiste / na hOllscoile

Cineál na céime / na cáilíochta atáthar ag tabhairt fúithi

Achoimre ghearr ar an gcúrsa atá á dhéanamh

Uaireanta freastail

3. Sonraí faoin Scoláireacht

Ainm & seoladh (Eircode san áireamh) an Urraitheora

Suim na scoláireachta **€**

Tréimhse na scoláireachta, tugtar dátaí

4. Dearbhú

- Dearbhaím -
- go bhfuil mé ag fáil teagasc lánaimseartha ó fhoras oideachais;
- gurb é cuspóir na scoláireachta ná mo chuid oideachais a chur chun cinn seachas taighde atá á dhéanamh tríom a chur chun cinn;
- nach bhfuil aon ghné seirbhíse (go díreach ná go hindíreach) idir mé agus an t-urraitheoir, ná idir mé agus an coláiste / ollscoil;
- nach bhfuil an scoláireacht ag eascairt ó phost nó ó fhostaíocht (go díreach ná go hindíreach) leis an urraitheoir ná leis an gcoláiste / ollscoil;
- go bhfuil na sonraí uile ar an bhfoirm seo cruinn ar feadh m'eolais agus mo thuairime.

Síniú _____ **Dáta** _____

NÓTA: Coir atá ann dearbhú bréagach a thabhairt chun críocha díolúine chánach a fháil.

RPC019626_GA_WB_L_1

Nótaí maidir le Díolúine Scoláireachta
Alt 193 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997

Foráiltear faoi Alt 193 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 go bhfuil ioncam a eascraíonn ó scoláireacht díolmhaithe ó cháin sa chás go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní mór don duine atá ag fáil na scoláireachta a bheith ag fáil teagasc lánaimseartha ó fhoras oideachais;

(b) ní mór gurb é cuspóir na scoláireachta oideachas an tsealbhóra a chur chun cinn, seachas cur chun cinn taighde tríd an sealbhóir;

(c) ní mór nach mbeadh aon ghné seirbhíse (go díreach ná go hindíreach) idir an t-urraitheoir agus an mac léinn;

(d) ní mór nach n-eascródh an dámhachtain ó oifig ná ó fhostaíocht (go díreach ná go hindíreach) leis an urraitheoir;

(e) ní féidir le híocaíochtaí scoláireachta ó chiste iontaobhais nó ó scéim le daoine atá bainteach leis an urraitheoir níos mó ná 25% de na híocaíochtaí iontaobhais nó scéime sin uile a shárú. Is éard is duine bainteach ann ná fostaí, duine i dteaghlach fostaí, stiúrthóra nó duine i dteaghlach stiúrthóra.

Ní mór do shealbhóir na scoláireachta an Fhoirm Dhearbhaithe um Dhíolúine Scoláireachta iniata a chomhlánú agus a shíniú. Ba chóir an fhoirm chomhlánaithe a chur ar ais chuig an oifig riaracháin chuí sa choláiste / ollscoil agus ba chóir don oifig sin í a choinneáil.

Is ar bhonn féinmheasúnaithe a thugtar díolúine ó cháin ioncaim i ndáil le hioncam scoláireachta. Baineann an díolúine seo le hioncam a eascraíonn as scoláireachtaí i leith cúrsaí fochéime agus iarchéime. Is tuairim na gCoimisinéirí Ioncaim é nach mbaineann an díolúine le hioncam i ndáil le comhaltacht.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar an leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie** ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.

Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs